Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6003/22**

**FIN 120**
**PE-L 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |

1. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046[1], agus go háirithe Airteagal 70(4) de, ceanglaítear ar an gComhairle moltaí a dhréachtú do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, agus a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad.

2. Ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil an 21 Eanáir, agus ag cruinnithe an 25 Eanáir, an 1 Feabhra agus an 10 Feabhra 2022, rinne comhaltaí an Choiste um an mBuiséad scrúdú ar an dá thuarascáil bhliantúla agus tríocha ar leith[2] arna ndréachtú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, maidir leis na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu agus a fhaigheann ranníocaíochtaí a mhuirearaítear ar an mbuiséad, agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[2] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh; agus

– socrú a dhéanamh chun go gcuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa iad agus chun an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

DRÉACHTLITIR

an : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 70(4) de Rialachán (AE, Euratom)[1] 2018/1046, táim ag seoladh chugat i ndoiciméad ar leithligh[2] moltaí ón gComhairle an 15 Márta 2022 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhlachtaí arna mbunú faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

[Clabhsúr dea-mhéine].

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

[2] 6003/22 + ADD 1.